BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Chéad Dlísheomra)

4 Deireadh Fómhair 2024*

(Tarchur chun réamhrialú – Talmhaíocht – Táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha – Rialachán (AE) 2018/848 – Táirgí agus substaintí áirithe i dtáirgeadh orgánach agus liosta na dtáirgí agus na substaintí sin – Maolú – Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1165 – Iarscríbhinn II – Na coincheapa 'feirm mhonarchan' agus 'feirm gan talamh' – Muinín tomhaltóirí – Leas ainmhithe – Urraim don chomhshaol agus don aeráid – Critéir)

I gCás C-228/23,

IARRAIDH ar réamhrialú faoi Airteagal 267 CFAE, ón Conseil d'État (an Chomhairle Stáit, an Fhrainc), trí bhreith an 12 Aibreán 2023, a fuarthas ag an gCúirt an 12 Aibreán 2023, sna himeachtaí

**Association AFAÏA**

v

**Institut national de l'origine et de la qualité (INAO)**

páirtí eile:

**Ministre de l'Agriculture et de l'Alimentation (an tAire Talmhaíochta agus Bia),**

tugann AN CHÚIRT (an Chéad Dlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: A. Arabadjiev (Rapóirtéir), Uachtarán Dlísheomra, T. von Danwitz, P. G. Xuereb, A. Kumin agus I. Ziemele, Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: M. Campos Sánchez-Bordona,

Cláraitheoir: R. Şereş, Riarthóir,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn agus i ndiaidh éisteacht an 21 Feabhra 2024,

tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha arna dtíolacadh thar ceann na bpáirtithe seo a leanas

– Association AFAÏA, ag B. Le Bret agus R. Rard, avocats, agus A. Tricaud, Saineolaí

* Teanga an cháis: an Fhraincis.

– Rialtas na Fraince, ag G. Bain, B. Fodda, J.-L. Carré, , agus M. de Lisi , i gcáil Gníomhairí,

– Rialtas na Fionlainne, ag M. Pere, i gcáil Gníomhaire,

– an Coimisiún Eorpach, A. Dawes agus B. Hofstötter, i gcáil Gníomhairí,

tar éis éisteacht le Tuairim an Abhcóide Ghinearálta ag éisteacht an 25 Aibreán 2024

an Breithiúnas seo a leanas

## Breithiúnas

1 Baineann an iarraidh ar réamhrialú le léiriú Iarscríbhinn II de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1165 ón gCoimisiún an 15 Iúil 2021 lena n-údaraítear táirgí agus substaintí áirithe lena n-úsáid i dtáirgeadh orgánach agus lena mbunaítear a liostaí (IO 2021 L 253, lch. 13, agus an ceartúchán a ghabhann le IO 2022 L 115, lch. 230), 'Rialachán Cur Chun Feidhme 2021/1165'), a glacadh chun Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle a chur chun feidhme (IO 2018 L 150, lch. 1) agus an ceartúchán a ghabhann le IO 2019, L 305, lch. 59) ('Rialachán 2018/848').

2 Rinneadh an iarraidh seo in imeachtaí idir Association AFAÏA, atá ina chomhlachas gairmiúil sa Fhrainc agus a bhfuil sé mar aidhm aige comhleasanna táirgeoirí leasachán orgánach a chosaint, agus an Institut national de l'origine et de la qualité (INAO), atá ina údarás riaracháin poiblí na Fraince, ('INAO') maidir le sainmhíniú ar an gcoincheap 'feirm mhonarchan' a roghnaigh INAO ina Threoirleabhar maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle an 28 Meitheamh 2007 maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 2092/91 (IO 2007, lch. 189, lch. 1), agus Rialachán (CE) Uimh. 889/2008 ón gCoimisiún an 5 Meán Fómhair 2008 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha i dtaca le táirgeadh, lipéadú agus rialú orgánach (IO 2008, L 250, lch. 1) (an 'Treoirleabhar').

## An dlí lena mbaineann

### *Treoir MTC*

3 Foráiltear don mhéid seo a leanas le hAirteagal 2(1) de Threoir 2011/92/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le measúnú a dhéanamh ar éifeachtaí tionscadal poiblí agus príobháideach áirithe ar an gcomhshaol (IO 2012 L 26, lch. 1), arna leasú le Treoir 2014/52/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 (IO 2014 L 124, lch. 1) ('Treoir MTC'):

'Glacfaidh na Ballstáit na bearta uile is gá chun a áirithiú, sula dtabharfar toiliú, go mbeidh tionscadail ar dócha go mbeidh éifeachtaí suntasacha acu ar an gcomhshaol de bhua, *inter alia*, a gcineáil, a méide nó a suímh faoi réir ceanglais maidir le toiliú forbartha agus measúnú maidir lena n-éifeachtaí ar an gcomhshaol. Déantar na tionscadail sin a shainmhíniú in Airteagal 4.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

4 Foráiltear don mhéid seo a leanas in Airteagal 4(1) den Treoir sin:

‘Faoi réir Airteagal 2(4), cuirtear na tionscadail a liostaítear in Iarscríbhinn I faoi réir measúnú, i gcomhréir le hAirteagail 5 go 10.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

5 Sonraítear i bpointe 17 d’Iarscríbhinn I den Treoir sin:

‘17. Suiteálacha le haghaidh diantógáil éanlaithe clóis nó muc:

(a) lena ngabhann 85 000 áit do shicíní grísce, 60 000 áit do bhéaróga;

(b) lena ngabhann 3 000 áit do mhuca táirgthe (atá os cionn 30 kg); nó

(c) lena ngabhann 900 áit le haghaidh cránacha.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

### *Rialachán 2018/848*

6 Leagtar an méid seo a leanas amach in aithrisí 1, 2, 4, 6, 15, 40, 43, 44, 63 agus 123 de Rialachán 2018/848:

‘(1) Córas foriomlán bainistíochta feirme agus táirgthe bia is ea an táirgeadh orgánach, faoina gcuimsítear dea-chleachtais maidir leis an gcomhshaoil agus le gníomhú ar son na haeráide, ardleibhéal bithéagsúlachta, caomhnú acmhainní nádúrtha agus cur i bhfeidhm ardchaighdeán leasa ainmhithe agus ardchaighdeán táirgthe, i gcomhréir leis an éileamh atá ag líon méadaitheach tomhaltóirí ar tháirgí a tháirgtear ina n-úsáidtear substaintí agus próisis nádúrtha. Mar sin, tá dhá phríomhthionchar ar an tsochaí ag an táirgeadh orgánach, i gcás, ar thaobh amháin, ina bhfreastalaíonn sé ar mhargadh ar leith mar fhreagairt ar éileamh tomhaltais ar tháirgí orgánacha, agus, ar an taobh eile, ina gcuirtear earraí ar fáil don phobal leis, ar earraí iad a chuidíonn leis an gcomhshaol agus le leas ainmhithe a chosaint, agus a chuidíonn freisin le forbairt tuaithe.

(2) Is trí ardchaighdeán sláinte, comhshaoil agus leasa ainmhithe a urramú i dtáirgeadh táirgí orgánacha, a áirithítear ardcháilíocht na dtáirgí sin. Mar a cuireadh in iúl go láidir sa teachtaireacht ón gCoimisiún [Eorpach] an 28 Bealtaine 2009 maidir le beartas cáilíochta do tháirgí talmhaíochta, is cuid de scéimeanna cáilíochta an Aontais [Eorpaigh] do tháirgí talmhaíochta é an táirgeadh orgánach, in éineacht le tásca geografacha agus sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí (IO 2012 L 343, lch. 1) agus táirgí ó na réigiúin is forimeallaí den Aontas i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 228/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Márta 2013 lena leagtar síos bearta sonracha don talmhaíocht sna réigiúin is forimeallaí den Aontas agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE)

Uimh. 247/2006 ón gComhairle (IO 2013, L 78, lch. 23). Dá réir sin, tá na cuspóirí céanna á saothrú leis an táirgeadh orgánach, faoi chuimsiú an chomhbheartais talmhaíochta ("CBT"), agus atá á saothrú faoi scéimeanna cáilíochta uile an Aontais do tháirgí talmhaíochta.

[...]

(4) Lena chois sin, córas is ea an táirgeadh orgánach a chuidíonn le ceanglais maidir le cosaint an chomhshaoil a chomhtháthú i CBT, agus a thacaíonn le táirgeadh talmhaíochta inbhuanaithe. [...]

[...]

(6) I bhfianaise chuspóirí bheartas an Aontais maidir leis an táirgeadh orgánach, ba cheart é a bheith mar aidhm leis an gcreat dlíthiúil, a bunaíodh chun an beartas sin a chur chun feidhme, iomaíocht chothrom agus oibriú cuí an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú i dtaca le táirgí orgánacha, muinín na dtomhaltóirí as táirgí atá lipéadaithe mar tháirgí orgánacha a chaomhnú agus údar cuí a thabhairt don mhuinín sin, agus dálaí a chruthú faoina bhféadfar an beartas a thabhairt chun cinn i gcomhréir le forbairtí táirgthe agus margaidh.

[...]

(15) Léiríonn tionscadail taighde a rinneadh go bhfuil muinín na dtomhaltóirí ríthábhachtach i margadh an bhia orgánaigh. San fhadtéarma, d'fhéadfadh rialacha neamhiontaofa muinín an phobail a chur i mbaol agus d'fhéadfadh cliseadh margaidh a bheith mar thoradh air sin. Dá bhrí sin, ba cheart forbairt inbhuanaithe an táirgthe orgánaigh san Aontas a bhunú ar rialacha fónta táirgthe atá comhchuibhithe ar leibhéal an Aontais agus a chomhlíonann ionchais na n-oibreoirí agus na dtomhaltóirí maidir le cáilíocht táirgí orgánacha agus do chomhlíonadh na bprionsabal agus na rialacha a leagtar síos sa Rialachán seo.

[...]

(40) Ós rud é go mbíonn baint ag táirgeadh beostoic le bainistiú talaimh talmhaíochta, i gcásanna ina n-úsáidtear an t-aoileach chun táirgeadh barr a chothú,, ba cheart táirgeadh beostoic gan talamh a thoirmeasc seachas i gcás beachaireachta. [...]

[...]

(43) Ba cheart bainistiú sláinte ainmhithe a bhunú go príomha ar ghalair a chosc. Ina theannta sin, ba cheart bearta sonracha glantacháin agus díghalraithe a chur i bhfeidhm. Níor cheart úsáid choisctheach táirgí míochaine allapatacha atá sintéisithe go ceimiceach, lena n-áirítear antaibheathaigh, a cheadú i dtáirgeadh orgánach. I gcás breoiteachta nó díobhála ainmhí dá mbeadh cóireáil láithreach ag teastáil, ba cheart úsáid na dtáirgí sin a theorannú don úsáid íosta is gá chun sláinte an ainmhí a athbhunú. [...]

(44) Ba cheart do dhálaí tithíochta agus cleachtais feirmeoireachta an bheostoic orgánaigh riachtanais iompraíochta na n-ainmhithe a shásamh agus ba cheart ardleibhéal leasa ainmhithe a áirithiú, ar dhóigheanna áirithe, dul thar chaighdeáin leasa ainmhithe an Aontais is infheidhme maidir le táirgeadh beostoic go ginearálta. Sa chuid is mó de chásanna, ba cheart teacht leanúnach a bheith ag an mbeostoc ar limistéir faoin aer ar mhaithe le haclaíocht. Ba cheart gach fulaingt, pian nós anacair a sheachaint agus a

theorannú a mhéid is féidir ag gach céim de shaol na n-ainmhithe. Ainmhithe a choinneáil ar theaghrán ná aon chiorrú a dhéanfaí, mar shampla sciotadh caorach nó bearradh goib i gcéad 3 lá an tsaoil agus di-adharcadh, níor cheart é a cheadú ach amháin má cheadaíonn na húdaráis inniúla é agus faoi choinníollacha áirithe amháin.

[...]

(63) I dtáirgeadh orgánach, ba cheart úsáid táirgí nó substaintí áirithe mar substaintí gníomhacha atá le húsáid mar tháirgí cosanta plandaí a thagann faoi raon feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoir 79/117/CEE agus Treoir 91/414/CEE (IO 2009, L 309, lch. 1), leasacháin, oiriúntóirí ithreach, cothaithigh, comhpháirteanna neamhorgánacha de chothú ainmhithe ar de thionscnaimh éagsúla iad, breiseáin beatha, áiseanna próiseála agus táirgí le haghaidh glantacháin agus díghalraithe a theorannú don mhéid íosta agus iad a úsáid faoi réir na gcoinníollacha sonracha a leagtar síos sa Rialachán seo […].

[...]

(123) [...] cuspóirí an Rialacháin seo [...] go háirithe iomaíocht chóir agus dea-fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh i dtáirgí orgánacha mar aon le muinín na dtomhaltóirí as na táirgí sin agus as lógó an Aontais Eorpaigh [...] a áirithiú, [...].'

7 Foráiltear le hAirteagal 3(1) de Rialachán 2018/848 go gcruthaítear le "táirgeadh orgánach" úsáid modhanna táirgthe atá i gcomhréir leis an Rialachán seo, ag gach céim den táirgeadh, den ullmhú agus den dáileachán […]'.

8 Luaitear le hAirteagal 4 den Rialachán sin, i measc chuspóirí ginearálta an táirgthe orgánaigh:

'(a) cuidiú le cosaint an chomhshaoil agus na haeráide;

(b) cothabháil thorthúlacht fhadtéarmach na n-ithreacha;

(c) cuidiú a thabhairt chun ardleibhéal bithéagsúlachta a chothú;

(d) cuidiú substaintiúil a thabhairt chun comhshaol neamhthocsaineach a chothú;

(e) cuidiú le hardchaighdeáin leasa ainmhithe a chothú agus, go háirithe, freastal ar riachtanais iompraíochta ainmhithe atá sainiúil don speiceas;

[...]'

9 De bhun Airteagal 5 den Rialachán sin, dar teideal 'Prionsabail ghinearálta':

'Córas bainistithe inbhuanaithe is ea táirgeadh orgánach atá bunaithe ar na prionsabail ghinearálta seo a leanas:

'(a) córais agus timthriallta an dúlra a urramú agus caomhnú agus feabhsú a dhéanamh ar cháilíocht na hithreach, an uisce agus an aeir, ar fholláine plandaí agus ainmhithe agus ar an gcothromaíocht eatarthu;

[...]

(d) raon leathan bia ar ardcháilíocht agus táirgí eile talmhaíochta agus dobharshaothraithe a tháirgeadh a fhreagraíonn d'éileamh na dtomhaltóirí earraí a táirgeadh trí úsáid a bhaint as próisis nach ndéanann dochar don chomhshaol, do shláinte an duine, do shláinte plandaí, do shláinte ainmhithe ná do leas;

(e) sláine an táirgthe orgánaigh a áirithiú ag gach céim de tháirgeadh, d'ullmhú agus de dháileadh bia agus beatha;

[...]

(g) srian a bheith ar úsáid ionchur seachtrach; i gcás ina bhfuil gá le hionchuir sheachtracha nó mura bhfuil ann do na cleachtais agus modhanna bainistíochta iomchuí dá dtagraítear i bpointe (f), beidh na hionchuir sheachtracha teoranta dóibh seo a leanas:
(i) ionchuir ó tháirgeadh orgánach; […]
(ii) substaintí nádúrtha nó substaintí atá díorthaithe go nádúrtha;

[...]

[...]

(j) meas a bheith ar ardleibhéal leasa ainmhithe agus riachtanais atá sainiúil don speiceas a urramú.'

10 Foráiltear don mhéid seo a leanas in Airteagal 6 den Rialachán sin:

'Maidir le gníomhaíochtaí talmhaíochta agus dobharshaothraithe, beidh táirgeadh orgánach bunaithe go háirithe ar na prionsabail shonracha seo a leanas:

(a) beatha ithreach agus torthúlacht nádúrtha na hithreach, cobhsaíocht ithreach agus bithéagsúlacht ithreach a chothú agus a fheabhsú, lena gcuirtear cosc agus comhrac ar bhalcadh ithreach agus ar chreimeadh ithreach, agus plandaí a chothú trí éiceachóras na hithreach go príomha;

(b) úsáid acmhainní neamh-in-athnuaite agus ionchur seachtrach a theorannú a mhéid is féidir;

[...]

(k) táirgeadh beostoic a chleachtadh atá suíomh-oiriúnaithe agus a bhaineann leis an gcineál talún;

(l) cleachtais feirmeoireachta ainmhithe a chur i bhfeidhm a chuireann leis an gcóras imdhíonachta agus a neartaíonn an chosaint nádúrtha i gcoinne galar, lena n-áirítear aclaíocht rialta agus rochtain ar limistéir faoin aer agus ar fhéaraigh;

[...]'.

11 Foráiltear an méid seo a leanas sa chéad fhomhír d'Airteagal 9(3) de Rialachán 2018/848:

'Chun na críocha agus úsáidí dá dtagraítear in Airteagal 24 agus in Airteagal 25 agus in Iarscríbhinn II, ní fhéadfar ach táirgí agus substaintí a údaraítear de bhun na bhforálacha sin a úsáid i dtáirgeadh orgánach, ar an gcoinníoll gur údaraíodh a n-úsáid i dtáirgeadh neamhorgánach i gcomhréir le forálacha ábhartha de dhlí an Aontais agus, nuair is iomchuí, i gcomhréir le forálacha náisiúnta bunaithe ar dhlí an Aontais.'

12 De bhun Airteagal 12(1) den Rialachán sin:

'Comhlíonfaidh oibreoirí a tháirgeann plandaí nó táirgí plandaí go háirithe na rialacha mionsonraithe a leagtar amach i gCuid I d'Iarscríbhinn II.'

13 Foráiltear le hAirteagal 24 den Rialachán sin, dar teideal, 'Táirgí agus substaintí a úsáidtear i dtáirgeadh orgánach a údarú ':

'1. Féadfaidh an Coimisiún táirgí agus substaintí áirithe a údarú lena n-úsáid i dtáirgeadh orgánach agus áireoidh sé aon táirge agus aon substaint acu sin i liostaí sriantacha, chun na críocha seo a leanas:

[...]

(b) mar leasacháin, oiriúntóirí ithreach agus cothaithigh;

[...] '.

14 Foráiltear mar seo a leanas le hIarscríbhinn II, Cuid I den Rialachán sin, dar teideal 'Rialacha maidir le táirgeadh plandaí':

'[…]

'1.9.2 Déanfar gníomhaíocht bhitheolaíoch na hithreach agus torthúlacht na hithreach a chothabháil agus a mhéadú

[...]

c) I ngach cás úsáidfear aoileach beostoic nó ábhar orgánach, iad araon múirínithe más féidir, ó tháirgeadh orgánach.

[...]

1.9.3 I gcás nach féidir freastal ar riachtanais chothaithe plandaí leis na bearta dá bhforáiltear i bpointe 1.9.1 agus 1.9.2 ní úsáidfear ach leasacháin agus oiriúntóirí ithreach arna n-údarú de bhun Airteagal 24 lena n-úsáid sa táirgeadh orgánach, agus ní úsáidfear iad ach a mhéad is gá. […]'.

### *Rialachán Cur Chun Feidhme 2021/1165*

15 Foráiltear le hAirteagal 2 de Rialachán Cur Chun Feidhme 2021/1165:

‘Chun críocha Airteagal 24(1), pointe (b), de Rialachán [2018/848], ní fhéadfar ach amháin na táirgí agus na substaintí a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo a úsáid i dtáirgeadh orgánach mar leasacháin, oiriúntóirí ithreach agus cothaithigh le haghaidh cothú plandaí [...] ar choinníoll go gcomhlíonfar leo na forálacha ábhartha de dhlí an Aontais.’ […]

16 Foráiltear don mhéid seo a leanas in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin:

‘Féadfar leasacháin, oiriúntóirí ithreach agus cothaithigh […] a liostaítear san Iarscríbhinn seo a úsáid i dtáirgeadh orgánach, ar choinníoll go gcomhlíontar leo

– an reachtaíocht ábhartha de chuid an Aontais agus an reachtaíocht náisiúnta ábhartha maidir le táirgí leasacháin, go háirithe, i gcás inarb infheidhme, Rialachán (CE) Uimh. 2003/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a bhaineann le leasacháin (IO L 304, 21.11.2003, lch. 1) agus Rialachán (AE) 2019/1009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 lena leagtar síos rialacha maidir le táirgí leasacháin AE a chur ar fáil ar an margadh agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1069/2009 agus (CE) Uimh. 1107/2009 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2003/2003 (IO 2019, L 170, lch. 1); agus

– Reachtaíocht de chuid an Aontais ar sheachtháirgí ainmhithe, go háirithe Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 [ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena leagtar síos rialacha sláinte maidir le seachtháirgí ainmhithe agus táirgí díorthaithe nach bhfuil ceaptha mar bhia don duine agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1774/2002 (IO 2009, L 300, lch. 1),] agus Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 ón gCoimisiún an 25 Feabhra 2011 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 lena leagtar síos rialacha sláinte maidir le seachtháirgí ainmhithe agus táirgí díorthaithe nach bhfuil ceaptha mar bhia don duine agus lena gcuirtear chun feidhme Treoir 97/78/CE ón gComhairle maidir le samplaí agus míreanna áirithe atá díolmhaithe ó sheiceálacha tréidliachta ag an teorainn faoin Treoir sin (IO 2011, L 54, lch. 1), go háirithe Iarscríbhinní V agus XI.

I gcomhréir le pointe 1.9.6 de Chuid I d’Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán [2018/848], féadfar ullmhóidí miocrorgánach a úsáid chun feabhas a chur ar riocht na hithreach ina hiomláine, nó chun feabhas a chur ar infhaighteacht cothaitheach san ithir nó sna barra.

Ní fhéadfar iad a úsáid ach amháin de réir shonraíochtaí úsáide agus shrianta úsáide na reachtaíochta ábhartha sin de chuid an Aontais agus na reachtaíochta náisiúnta ábhartha faoi seach. Déantar coinníollacha níos sriantaí maidir le húsáid i dtáirgeadh orgánach a shonrú sa cholún deas de na táblaí.

| Dénomination<br>Produits composés ou produits contenant uniquement les matières reprises dans la liste ci-dessous: | Description, limites et conditions spécifiques |
|---|---|
| Fumiers | Produits constitués d'un mélange d'excréments d'animaux et de matière végétale (litières et matières premières pour aliments des animaux)<br>Provenance d'élevages industriels interdite |
| Fumier séché et fiente de volaille déshydratée | Provenance d'élevages industriels interdite |
| Compost d'excréments d'animaux solides, y compris les fientes de volaille et les fumiers compostés | Provenance d'élevages industriels interdite |
| Excréments d'animaux liquides | Utilisation après fermentation contrôlée et/ou dilution appropriée<br>Provenance d'élevages industriels interdite |

[...]'

**Na fíorais sna príomhimeachtaí agus na ceisteanna a tarchuireadh**

17 Is léir ón iarraidh ar réamhrialú go ndearna INAO, i mí Eanáir 2020, a Threoirleabhar a leasú. An tráth sin, rinne sé léiriú ar an toirmeasc, a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán 889/2008 agus arna chuimsiú anois le hIarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme 2021/1165, ar úsáid leasachán agus oiriúntóirí ithreach de bhunadh ainmhíoch ar thalamh orgánach atá 'de thionscnamh na feirmeoireachta monarchan' sa chaoi is go n-eisiatar óna raon feidhme aoileach 'ó fheirmeacha i gcóras lataithe nó eangaí a sháraíonn na tairseacha a leagtar síos in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2011/92/AE, chomh maith le 'beostoic saothraithe i gcaighin a sháraíonn' na tairseacha céanna.

18 Os comhair an Conseil d'État (Comhairle Stáit, an Fhrainc), d'iarr Association AFAÏA go ndéanfaí cinneadh an 4 Feabhra 2020 a chur ar neamhní lenar dhiúltaigh INAO dá iarraidh go leasófaí a Threoirleabhar sa mhéid go sainmhínítear leis an coincheap '[f]eirm mhonarchan', mar a úsáidtear sa treoirleabhar sin agus gur cheart go gceanglófaí ar INAO an treoirleabhar a leasú dá réir laistigh de mhí amháin ón dáta ar a dtugtar fógra faoi chinneadh na cúirte sin agus bearta poiblíochta a chur leis an leasú atá i gceist chun a léiriú nach raibh an léiriú ar an gcoincheap sin atá sa treoirleabhar sin i bhfeidhm a thuilleadh.

19 Maíonn INAO go ndearna sé iarmhairtí an athraithe téarmaíochta a rinne reachtas an Aontais sa leagan Fraincise de Rialacháin Uimh. 834/2007 agus Uimh. 889/2008, a aisghaireadh le Rialachán 2018/848, sa mhéid gur chuir an reachtóir an coincheap 'feirm gan talamh' (élevage hors sol') in ionad an choincheapa 'feirm mhonarchan' ('élevage industriel') a bhí le feiceáil sa Rialachán roimh Rialacháin Uimh. 834/2007 agus Uimh. 889/2008, a leagan amach ina Threoirleabhar. Agus léiriú á dhéanamh ar an gcoincheap 'feirm mhonarchan' mar thagairt do dhálaí tithíochta na n-ainmhithe agus maidir le saorghluaiseacht agus rochtain ar limistéir lasmuigh agus maidir le dlús stocála araon, agus gnáthchiall an choincheapa sin á cur i bhfeidhm, i.e. mar thagairt do mheicniú na bpróiseas agus olltáirgeadh, bhí sé ar intinn ag údaráis na Fraince gabháltais a eisiamh nach raibh a méid ná a ndálaí feirmeoireachta comhoiriúnach le cuspóirí Rialachán 2018/848, lena n-áirítear leas ainmhithe agus muinín tomhaltóirí sa slabhra táirgthe orgánaigh.

20 Tugann an chúirt a rinne an tarchur dá haire go leanann sé ó fhorálacha ábhartha Rialachán 2018/848 agus Rialachán Cur Chun Feidhme 2021/1165 nach mór, i bprionsabal, d'aoileach beostoic a úsáidtear chun críocha leasú na hithreach teacht ó tháirgeadh orgánach iad

féin, ach i gcás nach féidir leis sin riachtanais chothaitheacha plandaí a chumhdach, agus a mhéid is gá amháin, go bhfuil sé ceadaithe leasacháin agus oiriúntóirí ithreach atá údaraithe don fheirmeoireacht orgánach a úsáid, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin.

21 Leanann sé as na forálacha sin freisin, i gcás táirgeadh orgánach ainmhithe, go dtoirmisctear táirgeadh gan talamh, ní úsáidfear caighin, boscaí ná deiceanna cothroma chun aon speiceas ainmhí a thógáil, agus nach mór, maidir le foirgnimh a dhéanann ainmhithe a óstáil, le haghaidh bó-ainmhithe, ainmhithe den chineál caorach agus muc-ainmhithe, limistéar codlata nó scíthe crua gan slataí a bheith acu agus, i gcás éanlaithe clóis, ina bhfuil aon trian ar a laghad de dhromchla crua, nach bhfuil slataí ná gráta ann, agus, le haghaidh béaróg, cuid leordhóthanach den dromchla atá beartaithe le haghaidh aoileach a bhailiú. Mar sin féin, ní leor na heilimintí sin chun cinneadh a dhéanamh an gcaithfear an coincheap 'feirm mhonarchan' a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme 2021/1165 a chóireáil ar an mbealach céanna leis an gcoincheap 'feirm gan talamh' agus, ina éagmais sin, an áirítear leis, sa bhreis ar líon áirithe ainmhithe, úsáid córas arb é atá go hiomlán comhdhéanta de shlataí, grátaí nó caighin.

22 Cuireann an chúirt a rinne an tarchur in iúl nach ndéantar an coincheap 'feirm mhonarchan', a úsáidtear sa leagan Fraincise de Rialachán Cur Chun Feidhme 2021/1165 a shainmhíniú leis an Rialachán sin, le Rialachán 2018/848 nó leis na Rialacháin a foilsíodh roimhe seo lena mbaintear úsáid as an gcoincheap sin. Cé go bhfuil an coincheap céanna le fáil sa chuid is mó de na leaganacha teanga den Rialachán Cur Chun Feidhme sin, áirítear le roinnt leaganacha an coincheap 'feirm gan talamh', coincheap nach sainítear sa Rialachán sin ná sa Rialachán Cur Chun Feidhme.

23 Chomh maith leis sin, dearbhaíonn an chúirt sin gur léir ón nóta ón ngrúpa 'EGTOP' (Tuarascáil maidir leis an gcoincheap d'fheirm 'mhonarchan' arna foilsiú in 2021 an Sainghrúpa um Chomhairle Theicniúil maidir le Táirgeacht Orgánach), grúpa a ghairm an Coimisiún i mí na Bealtaine 2021 d'fhonn raon feidhme an choincheapa 'feirm mhonarchan' a shainaithint, i gcás nach féidir leis sainmhíniú beacht a thabhairt, gur cheart go mbeadh cur chun feidhme an choincheapa sin ag brath ar chorpas fianaise.

24 Tugann an chúirt a rinne an tarchur dá haire freisin go raibh an neamhréireacht thuasluaite idir na leaganacha teanga éagsúla de Rialachán Cur Chun Feidhme 2021/1165 ann cheana féin idir na leaganacha teanga de Rialachán Uimh. 889/2008, agus go ndéantar léiriú éagsúil ar an gcoincheap 'feirm mhonarchan' ó Bhallstát amháin go Ballstát eile.

25 Sna himthosca sin, chinn an Chomhairle Stáit bac a chur ar na himeachtaí agus na ceisteanna seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú:

'(1) Maidir le hIarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán [Cur Chun Feidhme 2021/1165], lena gcuirtear chun feidhme Rialachán [2018/848], an bhfuil léiriú le déanamh amhail go bhfuil an coincheap de fheirm mhonarchan, a áirítear ann, comhionann leis an gcoincheap d'fheirm gan talamh?

(2) Má tá an coincheap d'fheirm mhonarchan éagsúil ón gcoincheap d'fheirm gan talamh, cad iad na critéir atá le cur san áireamh agus cinneadh á dhéanamh an ndéanfar feirm a aicmiú mar fheirm mhonarchan de réir bhrí Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán [Cur Chun Feidhme 2021/1165]?'

## Na ceisteanna le haghaidh réamhrialú

### *An chéad cheist*

26 Leis an gcéad cheist uaithi, iarrann an chúirt a rinne an tarchur ar an gCúirt, go bunúsach, ag féachaint don tríú fomhír d'Iarscríbhinn II de Rialachán Cur Chun Feidhme 2021/1165, ar cheart léiriú a dhéanamh orthu ar chaoi, maidir le hullmhóidí miocrorgánach a úsáid chun feabhas a chur ar riocht na hithreach ina hiomláine, nó chun feabhas a chur ar infhaighteacht chothaitheach san ithir nó sna barra, gurb ionann an téarma 'toirmeasc ar an méid sin más de thionscnamh na feirmeoireachta monarchan é', arna úsáid sa tábla a leagtar síos san Iarscríbhinn sin, agus toirmeasc ar na hullmhóidí ó fheirmeacha 'gan talamh'.

27 Is gá, mar réamhphointe, a thabhairt faoi deara gur glacadh an Rialachán Cur Chun Feidhme sin de bhun Rialachán 2018/848, lena bhforáiltear faoi Airteagal 12 go gcomhlíonfaidh oibreoirí a tháirgeann plandaí nó táirgí plandaí go háirithe na rialacha mionsonraithe a leagtar amach i gCuid I d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin.

28 Foráiltear le mír 1.9.1 de Chuid I, maidir le bainistiú agus toirchiú ithreach, go mbainfear úsáid as cleachtais churaíochta agus shaothraithe a chaomhnaíonn nó a mhéadaíonn an t-ábhar orgánach san ithir, a chuireann le cobhsaíocht agus bithéagsúlacht ithreach, agus a choisceann stuáil agus creimeadh ithreach, agus plandaí orgánacha á dtáirgeadh. I gcomhréir le pointe 1.9.2.(c) de Chuid I, déanfar gníomhaíocht bhitheolaíoch na hithreach agus torthúlacht na hithreach a chothabháil agus a mhéadú, i bprionsabal, le haoileach beostoic nó ábhar orgánach, iad araon múirínithe más féidir, ó tháirgeadh orgánach.

29 Mar sin féin, mar is léir chomh maith ó phointe 1.9.3 de Chuid I, i gcás nach féidir freastal ar riachtanais chothaithe plandaí leis na bearta dá bhforáiltear i bpointe 1.9.1 agus 1.9.2 den chuid sin, ní úsáidfear ach leasacháin agus oiriúntóirí ithreach arna n-údarú de bhun Airteagal 24 de Rialachán 2018/848 lena n-úsáid sa táirgeadh orgánach, agus ní úsáidfear iad ach a mhéad is gá.

30 I gcomhréir le hAirteagal 24(1)(b) den Rialachán sin, féadfaidh an Coimisiún táirgí agus substaintí áirithe a údarú lena n-úsáid i dtáirgeadh orgánach agus ina dhiaidh sin, áireoidh sé aon táirge agus aon substaint acu sin i liostaí sriantacha, mar leasacháin, oiriúntóirí ithreach agus cothaithigh.

31 Cumhdaítear na leasacháin, oiriúntóirí ithreach agus cothaithigh sin le hIarscríbhinn II de Rialachán Cur Chun Feidhme 2021/1165, lena bhforáiltear, sa dara fhomhír de, go bhféadfar ullmhóidí miocrorgánach a úsáid chun feabhas a chur ar riocht na hithreach ina hiomláine, nó chun feabhas a chur ar infhaighteacht chothaitheach san ithir nó sna barra i gcomhréir le pointe 1.9.6 de Chuid I d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán 2018/848.

32 De bhun na tríú fomhíre den Iarscríbhinn sin, ní fhéadfar na hullmhóidí sin a úsáid ach amháin de réir shonraíochtaí úsáide agus shrianta úsáide a leagtar amach sa reachtaíocht náisiúnta ábhartha agus i reachtaíocht an Aontais faoi seach. Déantar coinníollacha níos sriantaí maidir le húsáid i dtáirgeadh orgánach a shonrú sa cholún deas den tábla a ghabhann leis an bhfomhír sin.

33 Soiléirítear sa tábla sin, i dtáirgeadh orgánach, go bhfuil toirmeasc ar 'tháirgí de thionscnamh na feirmeoireachta monarchan ', amhail aoileach, aoileach triomaithe agus aoileach éanlaithe clóis díhiodráitithe, tuartha ainmhithe múirínithe, lena n-áirítear aoileach éanlaithe clóis, aoileach múirínithe agus tuartha ainmhithe leachtacha.

34 Chomh maith leis sin, leanann sé ó léamh comhcheangailte de na forálacha thuasluaite de Rialachán 2018/848 agus de Rialachán Cur Chun Feidhme 2021/1165 gur féidir leis na hoibreoirí a tháirgeann plandaí nó táirgí plandaí sa táirgeadh orgánach, de mhaolú air sin agus ní dhéanfar iad ach a mhéid is gá, táirgí agus substaintí áirithe de thionscnamh táirgthe neamhorgánaí atá údaraithe ag an gCoimisiún a úsáid, lena n-áirítear iad siúd a leagtar amach sa mhír roimhe seo den bhreithiúnas seo ar choinníoll nach dtagann na táirgí agus na substaintí sin ó 'fheirmeacha monarchan'.

35 Mínítear ceisteanna na cúirte a rinne an tarchur, *inter alia*, ós rud é go bhfuil an coincheap 'feirm mhonarchan' agus an coincheap 'feirm gan talamh' araon sna leaganacha teanga éagsúla de Rialachán 2018/848 agus Rialachán Cur Chun Feidhme 2021/1165 agus gur úsáideadh iad ar bhealach malartach nó comhleanúnach sna Rialacháin a tháinig rompu.

36 Ní mór a thabhairt faoi deara go n-úsáidtear in Iarscríbhinn II den leagan Fraincise de Rialachán Cur Chun Feidhme 2021/1165, téarma amháin, lena léirítear 'toirmeasc ar an méid sin más de thionscnamh na feirmeoireachta monarchan é'. Úsáidtear an fhoclaíocht céanna chomh maith i bhformhór de na leaganacha teanga eile, amhail na leaganacha Gearmáinise, Eastóinise, Gréigise, Béarla, Iodáilise, Rómáinise ('Erzeugnis darf nicht aus industrieller Tierhaltung stammen', 'tööstuslikust tootmisest pärit toote kasutamine on keelatud', 'η προέλευση από εντατικοποιημένη εκτροφή απαγορεύεται', 'factory farming origin forbidden', 'proibiti se proveniente da allevamenti industriali', agus 'provenienţa din ferme industriale este interzisă', faoi seach), úsáidtear téarma amháin freisin, arb ionann an bhrí atá leis agus an bhrí atá leis an nath a úsáidtear sa leagan Fraincise, nó na nathanna atá comhchosúil le 'diantáirgeadh' nó le 'feirmeoireacht ar mhórscála' sna leaganacha Bulgáirise Spáinnise, nó Seicise (', 'забранен е произходът от интензивни животновъдни стопанства', Prohibida la procedencia de ganaderías intensivas' agus 'Nesmí pocházet z velkochovu', faoi seach).

37 I dtrí leaganacha teanga den Iarscríbhinn sin, is iad sin na leaganacha Danmhairgise, , Ollainnise agus Portaingéilise, úsáidtear na coincheapa éagsúla 'fheirm gan talamh' ('ikke fra jordløst husdyrbrug', 'Het product mag niet afkomstig zijn van niet-grondgebonden veehouderij' agus'Proibidos os produtos provenientes das explorações pecuárias "sem terra", faoi seach).

38 I ndáil leis sin, is fiú a mheabhrú go bhfuil an luach céanna, mar phrionsabal, ag gach leagan teanga de ghníomh de chuid an Aontais, i gcás éagsúlachtaí idir na leaganacha sin, is gá an fhoráil lena mbaineann a léiriú trí thagairt a dhéanamh do chuspóir agus do scéim ghinearálta na rialacha a bhfuil sé mar chuid díobh (breithiúnas an 15 Meitheamh 2023, *Saint-Louis Sucre, (Aitheantas d'eagraíocht táirgeoirí)* C-183/22, EU:C:2023:486, mír 28 agus an cásdlí dá dtagraítear).

39 Chomh maith leis sin, de réir chásdlí socair na Cúirte, éilíonn an gá atá le cur i bhfeidhm aonfhoirmeach dhlí an Aontais agus ó phrionsabal an chomhionannais nach ndéantar tagairt shainráite do dhlí na mBallstát i dtéarmaí fhoráil de dhlí an Aontais chun críche brí agus raon feidhme an dlí sin a chinneadh, nach mór léiriú uathrialach aonfhoirmeach a thabhairt orthu ar fud an Aontais, nach mór an comhthéacs sin a chur san áireamh inti, i bhfianaise chomhthéacs agus chuspóir na reachtaíochta atá i gceist (breithiúnais an 18 Eanáir 1984, *Ekro*, 327/82, EU:C:1984:11, mír 11 agus an 30 Márta 2023, *Hauptpersonalrat der Lehrerinnen und Lehrer*, C-34/21, EU:C:2023:270, mír 40).

40 Go deimhin, d'fhéadadh difríochtaí a bheith ann idir na Ballstáit a bhfuil baol ann go gcuirfeadh siad bac ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh (féach, chuige sin, breithiúnas an 18 Samhain 2021, *Visma Enterprise*, C-306/20, EU:C:2021:935, mír 38).

41 Sa chás sin, go sonrach, is léir ón gcomhad atá os comhair na Cúirte, i bhfianaise na leaganacha chomh héagsúil céanna de na forálacha is infheidhme roimh fhorálacha ábhartha Rialachán Cur Chun Feidhme 2021/1165, gurb ionann, do Bhallstáit áirithe, an coincheap 'feirm mhonarchan' agus an coincheap 'feirm gan talamh', cé go ndéanann Ballstáit eile idirdhealú idir an dá choincheap agus go sainmhíníonn siad an coincheap 'feirm mhonarchan' trí thagairt a dhéanamh do cheanglais theicniúla agus tairseacha éagsúla maidir le líon na n-ainmhithe, rud a athraíonn, nó fiú do cheanglais bheatha. Is dócha go gcruthófar saobhadh iomaíochta le héagsúlachtaí den sórt sin agus go mbainfidh siad an bonn de bhaint amach chuspóirí bheartas an Aontais maidir le táirgeadh orgánach agus maidir leis an gcomhshaol chomh maith.

42 I gcomhréir leis an gcásdlí a chuirtear in iúl i mír 38 den bhreithiúnas seo, is gá scrúdú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil an bhrí céanna ag na coincheapa 'feirm mhonarchan' agus 'feirm gan talamh', ag féachaint dá ngnáthbhrí sa teanga choiteann.

43 I ndáil leis sin, is fiú a thabhairt faoi deara nach sainmhínítear na téarmaí 'feirm mhonarchan' nó 'feirm gan talamh' le Rialachán Cur Chun Feidhme 2021/1165 nó le Rialachán nó téacs ar bith eile a bhaineann le dlí an Aontais.

44 De réir na gnáthchéille leo, maidir leis na téarmaí 'monarchan' nó '[a m]baintear úsáid astú i ndiantáirgeadh', go dtagraítear do chineál feirmeoireachta mórscála, a bhfuil sé de chuspóir aici an leas is fearr is féidir a bhaint as an ngníomhaíocht sin, go háirithe trí dhlús na n-ainmhithe ar an ngabháltas a mhéadú nó trí bhogadh níos mó nó níos lú ón timpeallacht máguaird trí na hainmhithe sin a shrianú. Déantar an beostoc a bhailiú, go ginearálta, faoi réir na gcoinníollacha arna gcruthú agus arna rialú go saorga, agus tógtar iad trí úsáid a bhaint as modhanna arb é is aidhm dóibh an táirgeadh a uasmhéadú laistigh den mhéid ama is giorra is féidir.

45 Mar a thug an tAbhcóide Ginearálta dá aire i mír 38 dá Thuairim, is iondúil go mbíonn infheistíocht shuntasach, úsáid bianna treisithe agus úsáid choisctheach antaibheathach ag teastáil le haghaidh feirmeoireachta monarchan. Bíonn mar phríomhthréithe ann táirgiúlacht ard agus d'fhéadfadh truailliú suntasach comhshaoil a bheith mar thoradh air sin. Thairis sin, ní go hiondúil a bhíonn an chosaint shonrach leasa ainmhithe ar cheann dá thosaíochtaí.

46 Maidir leis an gcoincheap 'feirm gan talamh' is fiú a thabhairt faoi deara go léirítear le hIarscríbhinn II, Cuid II, mír 1.1 de Rialachán 2018/848 go bhfuil toirmeasc ar 'tháirgeadh beostoic gan talamh' i gcás nach ndéanann an feirmeoir a bhfuil rún aige beostoc orgánach a tháirgeadh bainistíocht ar thalamh talmhaíochta agus nach bhfuil comhaontú comhair scríofa le feirmeoir eile aige i ndáil le haonaid táirgthe orgánacha nó aonaid táirgthe atá á dtiontú a úsáid don bheostoc sin. Thairis sin, tugtar le fios le hAirteagal 16 de Rialachán Uimh. 889/2008 go bhfuil toirmeasc ar tháirgeadh beostoic gan talamh, i gcás nach ndéanann an feirmeoir an talamh talmhaíochta atá ann a bhainistiú agus/nó comhaontú comhair i scríbhinn le hoibreoir eile i gcomhréir le hAirteagal 3(3) den Rialachán sin.

47 De réir na gnáthchéille leis sa teanga choiteann, is ionann feirm 'gan talamh', go deimhin, agus modh feirmeoireachta 'monarchan' nó 'diantáirgeadh', nach dtagann an soláthar beatha do na hainmhithe, go bunúsach nó go hiomlán, ón ngabháltas talmhaíochta ina bhfuil an fheirm suite.

48 Mar thoradh air sin, má thagraíonn an dá choincheap 'feirm monarchan' agus 'feirm gan talamh' do mheicniú próiseas táirgthe agus d'olltáirgeadh, ba cheart a thabhairt faoi deara, murab ionann agus an méid a éilíonn an Association AFAÏA, nach bhfuil an chiall chéanna leo. Mar is léir ó

mhíreanna 44 go 47 den bhreithiúnas seo, tá an coincheap ‘feirm mhonarchan’ i bhfad níos mó ná an coincheap ‘feirm gan talamh’, agus, dá dheasca sin, ní mór a mheas gur coincheapa éagsúla iad na coincheapa sin.

49 Is fiú aghaidh a thabhairt arís ar chomhthéacs ginearálta Iarscríbhinn II de Rialachán Cur Chun Feidhme 2021/1165 agus ar chuspóir an Rialacháin a bhfuil sé mar chuid de.

50 Maidir le cuspóir ginearálta na hiarscríbhinne sin, mar a luadh i míreanna 27 go 34 den bhreithiúnas seo, is léir, agus Airteagal 12(1), Airteagal 24(1) agus Iarscríbhinn II, Cuid I, pointe 1.9 de Rialachán 2018/848 a léamh le chéile, gur féidir leis na hoibreoirí a tháirgeann plandaí nó táirgí plandaí i dtáirgeadh orgánach, de mhaolú ar na rialacha a leagtar síos san Iarscríbhinn sin, táirgí agus substaintí áirithe a dhíorthaítear ó tháirgeadh neamhorgánach atá údaraithe ag an gCoimisiún úsáid a bhaint astú, agus ní dhéanfar é sin ach a mhéid is gá.

51 I ndáil leis sin, ní mór a mheabhrú, i gcomhréir leis an gcásdlí socair, nach mór léiriú an-docht a dhéanamh ar na maoluithe sin (féach, chuige sin, breithiúnas an 7 Feabhra 2023, *Confédération paysanne agus páirtithe eile (Só-ghineas randamach in vitro)*, C-688/21, EU:C:2023:75, mír 49 agus an cásdlí dá dtagraítear).

52 Is fíor sin freisin maidir leis an maolú dá bhforáiltear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme 2021/1165, rud a chiallaíonn nach mór na teorainneacha a leagtar síos leis an iarscríbhinn sin a ghabhann leis an maolú sin, eadhon, go háirithe, an toirmeasc ar úsáid ullmhóidí ‘de thionscnamh na feirmeoireachta monarchan’, a léiriú go leathan, os a choinne sin.

53 Mar thoradh ar an léiriú sin, lena dtacaíonn Association AFAÏA, ar dá réir nach bhfreagraíonn an coincheap ‘feirm mhonarchan’ ach don choincheap ‘feirm gan talamh’, údaraítear aoileach ó gach feirm ‘mhonarchan’ seachas na feirmeacha ‘gan talamh’ sin chun críocha úsáide san fheirmeoireacht orgánach. Dá bhrí sin, is léiriú leathan é an léiriú sin ar raon feidhme an mhaolaithe sin agus, dá bhrí sin, tá sé contrártha don phrionsabal a luaitear i mír 51 den bhreithiúnas seo.

54 Maíonn Association AFAÏA go bhfuil dlúthbhaint ag táirgeadh orgánach beostoic le húsáid na talún, as ar cheart a thuiscint, *a contrario*, nach gcumhdaítear leis an toirmeasc atá i gceist sna príomhimeachtaí ach táirgí ó fheirmeacha ‘gan talamh’.

55 Mar sin féin, i gcomhréir leis an gcur chuige iomlánach atá ina saintréith den fheirmeoireacht orgánach, mar a mheabhraítear, go háirithe in aithris 40 de Rialachán 2018/848, mar a léirítear sna ceanglais in Airteagal 5(a) agus (d) den Rialachán sin, ní mór go mbeadh táirgeadh beostoic bunaithe ar thalamh. Mar sin féin, ní chiallaíonn sé sin ach nach bhfuil an modh feirmeoireachta ‘gan talamh’ comhoiriúnach le prionsabail na feirmeoireachta orgánaí agus, dá bhrí sin, go bhfuil toirmeasc simplí air sa chomhthéacs sin.

56 Ina theannta sin, is léir ó Airteagal 6(l) den Rialachán sin go bhfuil an talmhaíocht orgánach ag brath ar chur i bhfeidhm cleachtais feirmeoireachta ainmhithe a chuireann leis an gcóras imdhíonachta agus a neartaíonn an chosaint nádúrtha i gcoinne galar, lena n-áirítear aclaíocht rialta agus rochtain ar limistéir faoin aer agus ar fhéaraigh. Thairis sin, cuirtear cosc leis an Rialachán sin ar orgánaigh ghéinmhodhnaithe a chur i mbeatha ainmhithe agus cuirtear srian suntasach le húsáid táirgí cosanta plandaí.

57 Ní fhéadfaí a rá, mar sin, gur saintréith de thalmhaíocht orgánach is ea modh bainistithe na talún agus, dá bhrí sin, go bhfuil cúiseanna an toirmisc sna príomhimeachtaí nasctha le húsáid talún amháin.

58 Tá an bealach feirmeoireachta sin, ar leibhéal níos leithne, nasctha le modhanna dea-táirgthe, mar a léirítear, go bunúsach, in aithris 2 de Rialachán 2018/848 agus, go háirithe, coinníollacha tithíochta na n-ainmhithe, ó thaobh saoirse gluaiseachta agus rochtain ar limistéir lasmuigh agus ó thaobh dlús stocála de araon.

59 Trí bhéim a leagan arís agus arís eile ar a mhian ardleibhéal leasa ainmhithe a áirithiú san fheirmeoireacht orgánach, bhí sé beartaithe ag reachtas an Aontais a chur i dtábhacht gur saintréith den bhealach táirgthe talmhaíochta sin is ea caighdeáin fheabhsaithe leasa ainmhithe a urramú i ngach áit agus ag gach céim den táirgeadh sin i gcás inar féidir an leas sin a fheabhsú tuilleadh (féach, chuige sin, breithiúnas an 26 Feabhra 2019, *Œuvre d'assistance aux bêtes d'abattoirs*, C-497/17, EU:C:2019:137, mír 38).

60 I bhfianaise na gceanglas sin, ní féidir glacadh leis go n-údaraítear aoileach ó fheirmeacha 'monarchan' nó 'diana' mar aoileach ón bhfeirmeoireacht orgánach.

61 Cuirtear treise leis an léiriú sin le cuspóirí Rialachán 2018/848.

62 Go deimhin, ní mór a thabhairt faoi deara gur córas foriomlán bainistíochta feirme agus táirgthe bia is ea an táirgeadh orgánach, mar a léitear in aithris 1 de Rialachán 2018/848, faoina gcuimsítear dea-chleachtais maidir leis an gcomhshaol agus le gníomhú ar son na haeráide, ardleibhéal bithéagsúlachta, caomhnú acmhainní nádúrtha, chomh maith le cur i bhfeidhm ardchaighdeán leasa ainmhithe agus ardchaighdeán táirgthe, i gcomhréir leis an éileamh atá ag líon méadaitheach tomhaltóirí ar tháirgí a tháirgtear ina n-úsáidtear substaintí agus próisis nádúrtha.

63 Mar a leagtar síos in Airteagal 4 de Rialachán 2018/848, tá sé mar aidhm leis an modh táirgthe sin, ar bhonn leathan, cuidiú le cosaint an chomhshaoil agus na haeráide, ardleibhéal bithéagsúlachta a chothú chomh maith le torthúlacht fhadtéarmach na n-ithreacha a chothabháil. Féachtar leis rannchuidiú go sunstasach le timpeallacht neamhthocsaineach agus ardchaighdeáin leasa ainmhithe a chothú agus, go háirithe, freastal ar riachtanais iompraíochta ainmhithe atá sainiúil don speiceas. Féachtar leis freisin spreagadh a thabhairt do ghearrbhealaí dáileacháin agus do tháirgeadh áitiúil i limistéir éagsúla san Aontas chomh maith le spreagadh a thabhairt do chaomhnú pórtha neamhchoitianta agus dúchais atá i mbaol a ndíothaithe.

64 Tá sé tábhachtach freisin a áirithiú go bhfuil tomhaltóirí sásta go bhfuarthas táirgí ar a bhfuil lógó orgánach an Aontais i gcomhréir leis na caighdeáin is airde, go háirithe maidir le hurraim don chomhshaol agus do leas ainmhithe (féach, chuige sin, breithiúnas an 28 Feabhra 2019, C-497/17, *Œuvre d'assistance aux bêtes d'abattoirs*, EU:C:2019:137, mír 51).

65 Mar a thug an tAbhcóide Ginearálta le fios, go bunúsach, i míreanna 52 go 54 dá Thuairim, ba cheart a mheas go ndéantar ionchais dhlisteanacha na dtomhaltóirí a ráthú má bhíonn na leasacháin de thionscnamh foinsí orgánacha nó, i gcás nach leor iad sin agus sa chás seo amháin, má bhaintear úsáid as aoileach neamhorgánacha ach mura mbíonn siad de thionscnamh na feirmeoireachta monarchan i gcás ar bith.

66 Dá bhrí sin, is léir go mbeadh maolú lena gceadófaí táirgí ó fheirmeacha monarchan nó ó dhiantáirgeadh a úsáid go forleathan contrártha leis na cuspóirí sin agus bheadh sé contrártha do cheanglais na comhsheasmhachta agus na bprionsabal eiticiúil agus comhshaoil atá mar bhunchloch ag an bhfeirmeoireacht orgánach.

67 Ba cheart a lua freisin go bhfuil an léiriú sin comhsheasmhach leis an gcuspóir atá beartaithe d'Iarscríbhinn II, Cuid I, pointe 1.9.3 a ghabhann le Rialachán 2018/848, a bhfuil sé mar aidhm aici aoileach beostoic orgánaigh a thabhairt d'fheirmeoirí orgánacha i gcás nach bhfuil aoileach den sórt sin ar fáil, a mhéid is gá amháin agus iarmhair neamh-inmhianaithe san aoileach sin á theorannú ag an am céanna.

68 Dá bhrí sin, ba cheart a mheas nach bhfreagraíonn an coincheap 'feirm mhonarchan' a leagtar amach in Iarscríbhinn II de Rialachán Cur Chun Feidhme 2021/1165 don choincheap 'feirm gan talamh' agus go gcumhdaítear leis an toirmeasc a leagtar síos leis an Iarscríbhinn sin gach feirm 'mhonarchan' agus ní hamháin na feirmeacha 'gan talamh'.

69 I bhfianaise na mbreithnithe thuas, is é an freagra ar an gcéad cheist nach mór an tríú fomhír d'Iarscríbhinn II de Rialachán Cur Chun Feidhme 2021/1165 a léiriú ar chaoi, maidir le hullmhóidí miocrorgánach a úsáid chun feabhas a chur ar riocht na hithreach ina hiomláine, nó chun feabhas a chur ar infhaighteacht chothaitheach san ithir nó sna barra, nach ionann 'toirmeasc ar an méid sin más de thionscnamh na feirmeoireachta monarchan é', atá á úsáid sa tábla a ghabhann leis an Iarscríbhinn sin, agus toirmeasc teoranta ar ullmhóidí ó fheirmeacha 'gan talamh' amháin, agus é á lua, i gcomhréir leis an bhforáil sin, gurb ionann leasacháin, oiriúntóirí ithreach agus cothaithigh a bhfuil toirmeasc ar a n-úsáid san fheirmeoireacht orgánach leis an iarscríbhinn sin agus iad siúd a dhíorthaítear ó fheirm mhonarchan agus ní hamháin iad siúd ó fheirm gan talamh.

### *An dara ceist*

70 Leis an dara ceist uaithi, fiafraíonn an chúirt an rinne an tarchur, go bunúsach, maidir leis an tríú fomhír de Rialachán Cur Chun Feidhme 2021/1165, ar cheart léiriú a dhéanamh ar chaoi go gcuirtear cosc leis ar reachtaíocht náisiúnta ar dá réir a bhfuil úsáid leasachán agus oiriúntóirí ithreach de bhunadh ainmhíoch toirmiscthe 'más de thionscnamh na feirmeoireachta monarchan é' aoileach 'ó fheirmeacha i gcóras lataithe nó eangaí agus a sháraíonn na tairseacha a leagtar síos in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir [MTC]' chomh maith le 'beostoic saothraithe i gcaighin a sháraíonn' na tairseacha céanna.

71 Ar dtús, is fiú a mheabhrú, cé nach mór, i gcomhréir leis an gcásdlí a luaitear i mír 39 den bhreithiúnas seo, léiriú féinrialaitheach agus aonfhoirmeach a dhéanamh ar an gcoincheap 'feirm mhonarchan', chun críche raon feidhme na dtoirmeasc sin a shainmhíniú, ní dhéantar fós na critéir ar ghá iad a chur san áireamh d'fhonn a chinneadh cibé ar cheart feirm a aicmiú mar fheirm 'mhonarchan' de réir bhrí Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán 2021/1165, a chur faoi réir bearta ginearálta comhchuibhithe.

72 Ar an taobh eile, leanann sé as an bhfreagra ar an gcéad cheist nach mór léiriú den choincheap 'feirm mhonarchan' a choinneáil, mar rogha mhalartach d'aoileach ó fheirmeacha beostoic ar mhórscála trí úsáid a bhaint as modhanna diantáirgthe ó roghanna malartacha ar aoileach beostoic orgánaigh.

73 D'fhonn a chinneadh an bhfuil ann d'fheirm den sórt sin, ní mór go ndéanfaí measúnú foriomlán ar na critéir ábhartha, agus é á shonrú, mar riail ghinearálta, gur corpas fianaise atá ann lena bhféadfadh é sin a fhíorú.

74 I ndáil leis sin, agus mar a thug an Abhcóide Ginearálta dá aire i míreanna 64, 66 agus 80 dá Thuairim, féadfar critéir amhail an córas feirmeoireachta ainmhithe, a soghluaisteacht, a ndlús agus infhaighteacht talún ar fheirmeoireacht beostoic, a táirgiúlacht agus a tionchair ar an gcomhshaol a chur san áireamh.

75 Is amhlaidh atá freisin maidir le cineál an bheathaithe ainmhithe, córais coiscthe galar agus cibé acu úsáid fhorleathan substaintí chun fás nó táirgeadh a spreagadh, nó hormóin nó, go háirithe substaintí comhchosúla a úsáid chun atáirgeadh a rialú. D'fhéadfadh sé go mbeadh úsáid choisctheach antaibheathach agus ábhar beatha ina bhfuil orgánaigh ghéinmhodhnaithe, rud atá toirmiscthe faoi Rialachán 2018/848, freisin, ina gcritéir chun feirmeacha a cháiliú mar fheirm 'monarchan'.

76 Ní mór a thabhairt faoi deara, i ndáil leis sin, gur saintréith a bhaineann go sonrach leis an bhfeirmeoireacht mhonarchan é feirmeoireacht ina n-úsáidtear caighin, boscaí agus boscaí urláir lataí a thógáil chun ainmhithe a thógáil, mar aon le húsáid córas lena gcuirtear cosc ar ainmhithe gluaiseacht 360 céim nó córais tógála lasmuigh den talamh.

77 Maidir le tionchar comhshaoil na feirmeoireachta, is fiú a thabhairt faoi deara go gcuirtear na tionscadail a leagtar amach in Iarscríbhinn I de Threoir MTC, le hAirteagal 4 den Treoir sin, lena n-áirítear '[s]uiteálacha [áirithe] le haghaidh diantógáil éanlaithe clóis nó muc' faoi réir measúnú ar a dtionchar ar an gcomhshaol.

78 I ndáil leis sin, amhail an méid a deir an tAbhcóide Ginearálta i mír 69 dá Thuairim, ní mór a mheas go bhféadfadh na critéir íosta a leagtar síos leis na forálacha sin de Threoir MTC, a bhaineann go sainráite le nósanna imeachta um measúnú comhshaoil, a bheith ina dtreoir chun carachtar tionsclaíoch fheirm ar leith a chinneadh.

79 Ós amhlaidh atá, a mhéid a thagraíonn na critéir sin do na breithnithe cainníochtúla sin, ní leor iad chun gabháltas a aicmiú mar 'fheirm mhonarchan', agus mar thoradh air sin, chun na críche sin, ní mór critéir cháilíochtúla, amhail na critéir dá dtagraítear i míreanna 74 go 76 den bhreithiúnas seo, a chur san áireamh freisin.

80 I bhfianaise na gcúinsí sin go léir, is é an freagra ar an dara ceist, maidir leis an tríú fomhír de Rialachán Cur Chun Feidhme 2021/1165, gur cheart léiriú a dhéanamh ar chaoi go gcuirtear cosc leis ar reachtaíocht náisiúnta ar dá réir a bhfuil úsáid leasachán agus oiriúntóirí ithreach de bhunadh ainmhíoch toirmiscthe 'más de thionscnamh na feirmeoireachta monarchan é' aoileach 'ó fheirmeacha i gcóras lataithe nó eangaí agus a sháraíonn na tairseacha a leagtar síos in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir [MTC]' chomh maith le 'beostoic saothraithe i gcaighin a sháraíonn' na tairseacha céanna. Ag an am céanna, chun críocha an aicmithe sin, ní mór brath ar chorpas fianaise a bhaineann, ar a laghad, le leas ainmhithe a chaomhnú, urraim don bhithéagsúlacht agus cosaint an chomhshaoil agus na haeráide.

## Costais

81 Ós rud é, a mhéid a bhaineann sé leis na páirtithe sna príomhimeachtaí, go bhfuil na himeachtaí mar chéim sa chás os comhair na cúirte a rinne an tarchur, baineann ceist na gcostas leis an gcúirt sin. Níl na costais a tabhaíodh trí bharúlacha a cuireadh faoi bhráid na Cúirte, seachas costais na bpáirtithe sin, inghnóthaithe.

Ar na forais sin, rialaíonn an Chúirt (an Chéad Dlísheomra) mar seo a leanas:

1. **Maidir leis an tríú fomhír d'Iarscríbhinn II de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1165 ón gCoimisiún an 15 Iúil 2021 lena n-údaraítear táirgí agus substaintí áirithe lena n-úsáid i dtáirgeadh orgánach agus lena mbunaítear a liostaí a glacadh ar mhaithe le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle,**

   **ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:**

   **maidir le hullmhóidí miocrorgánach a úsáid chun feabhas a chur ar riocht na hithreach ina hiomláine, nó chun feabhas a chur ar infhaighteacht chothaitheach san ithir nó sna barra, nach ionann 'toirmeasc ar an méid sin más de thionscnamh na feirmeoireachta monarchan é', atá á úsáid sa tábla a ghabhann leis an Iarscríbhinn sin, agus toirmeasc teoranta ar ullmhóidí ó fheirmeacha 'gan talamh' amháin, agus é á lua, i gcomhréir leis an bhforáil sin, gurb ionann leasacháin, oiriúntóirí ithreach agus cothaithigh a bhfuil toirmeasc ar a n-úsáid san fheirmeoireacht orgánach leis an iarscríbhinn sin agus iad siúd a dhíorthaítear ó fheirmeoireacht mhonarchan agus ní hamháin iad siúd ó fheirmeoireacht gan talamh.**

2. **Maidir leis an tríú fomhír d'Iarscríbhinn II de Rialachán Cur Chun Feidhme 2021/1165**

   **ní mór léiriú a dhéanamh ar an bhforáil sin mar seo a leanas:**

   **ní chuirtear bac leis ar reachtaíocht náisiúnta ar dá réir a bhfuil úsáid leasachán agus oiriúntóirí ithreach de bhunadh ainmhíoch toirmiscthe 'más de thionscnamh na feirmeoireachta monarchan é' aoileach ó fheirmeacha i gcóras lataithe nó eangaí agus a sháraíonn na tairseacha a leagtar síos in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2011/92/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le measúnú a dhéanamh ar éifeachtaí tionscadal poiblí agus príobháideach áirithe ar an gcomhshaol, arna leasú le Treoir 2014/52/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014, chomh maith le 'beostoic saothraithe i gcaighin a sháraíonn na tairseacha céanna. Ag an am céanna, chun críocha an aicmithe sin, ní mór brath ar chorpas fianaise a bhaineann, ar a laghad, le leas ainmhithe a chaomhnú, urraim don bhithéagsúlacht agus cosaint an chomhshaoil agus na haeráide.**

Sínithe